

# Eleathanach 356

Dé Luain, an 18 Meitheamh 2020

## Grúpa nua damhán alla agus ainm spéisiúil orthu!

Le déanaí ar oileán Madagascar, tháinig an t-eolaí Peter Jager ar ghrúpa damhán alla nach bhfaca aon duine riamh roimhe. Nuair a tharlaíonn sé seo bíonn cead ag an eolaí ainm a roghnú don ainmí nua.

Is é Thunberga Greta an t-ainm atá ar an ngrúpa damhán alla seo anois. Shocraigh Peter Jager ar an ainm sin chun meas a léiriú ar Greta Thunberg agus ar an obair atá déanta aici ar son na timpeallachta.

Gach bliain bíonn 15,000 speiceas ainmhíoch nua agus is gá ainm a roghnú. Bhí Barak Obama agus an carachtar Darth Vader ina measc.

Creid é nó na creid, tá naoi n-ainmhí a bhfuil ainm Obama orthu. Tá damhán alla, iasc agus éin ina measc.



## Tosanoides obama



## Campaí samhraidh ar an teilifís!

De ghnáth ag an am seo den bhliain, ar fud na tíre, bíonn páistí ag súil go mór leis na campaí samhraidh a bhíonn ar siúl nuair a dhúnann na scoileanna do na laethanta saoire. I mbliana, tá athrú ar rudaí ar ndóigh!

Faoi láthair níl cead ag grúpaí móra teacht le chéile, mar sin, níl cead ag páistí dul chuig campaí samhraidh.

Ach bhí dea-scéal ag TG4 an tseachtain seo caite. Nuair a chríochnaíonn *Cúla4 ar Scoil* ag deireadh na míosa beidh cúig champa samhraidh ar siúl ar an teilifís.

Mairfidh gach campa seachtain amháin, mar sin, tá cúig seachtaine de champaí samhraidh ag teacht ón 29 Meitheamh; beidh siad ann idir an Luan agus an Aoine ag 10am.

Beidh téama difriúil ar “Campaí Cúla4” gach seachtain. Ina measc, beidh na hEalaíona Traidisiúnta, Bia, agus an Teicneolaíocht ina dtéamaí.

## Botún mór sa chluiche sacair Dé Céadaoin!

Ní raibh sacair ann ar feadh 100 lá, ach anois tá siad ag imirt arís sa phríomhshraith i Sasana. Beidh 92 cluiche idir seo agus an 26 Iúil!

Bhí na chéad chluichí ar siúl Dé Céadaoin seo caite. Níl cead ag an lucht leanúna freastal ar na cluichí agus tá an-chuid rialacha ann le cinntiú go mbeidh na himreoirí slán.

Sa chéad chluiche, bhí Aston Villa ag imirt i gcoinne Sheffield United. Bhí cic saor ag Sheffield United. Rug cúl báire Villa ar an liathróid ach thit sé isteach sa chúl leis an liathróid. Bhí fadhb leis an teicneolaíocht agus ní fhaca *Hawk-eye* an cúl. Chríochnaigh an cluiche ar comhscór.

